Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6900/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0218(COD)**

**AGRI 126**
**AGRIFIN 32**
**AGRIORG 31**
**AGRILEG 41**
**CODEC 345**
**CADREFIN 125**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach<br>– *Díospóireacht bheartais* |

## I RÉAMHRÁ

1. An 1 Meitheamh 2018, mhol an Coimisiún athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) don tréimhse i ndiaidh 2020, lena n-áirítear Rialachán Leasaitheach, chun athruithe a thabhairt isteach ar na rialacha lena rialaítear comheagrú na margaí (CEM) i dtáirgí talmhaíochta (lena n-áirítear na rialacha maidir le fíon), scéimeanna cáilíochta an Aontais (tásca geografacha) agus na bearta tacaíochta do réigiúin iargúlta.

2. An 21 Iúil 2020, ghlac an Chomhairle Eorpach conclúidí maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027, ina raibh treoir freisin maidir le príomhghnéithe na ngníomhartha reachtacha earnálacha a bhaineann le CAI, lena n-áirítear an Rialachán Leasaitheach.

3. An 21 Deireadh Fómhair 2020, chomhaontaigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh Cur Chuige Ginearálta maidir le hathchóiriú CBT, agus leis sin, cuireadh sainordú caibidlíochta ar fáil don Uachtaránacht (12158/20). An 23 Deireadh Fómhair 2020, thug Parlaimint na hEorpa an vóta maidir lena seasamh caibidlíochta chun críche.

4. An 10 Samhain 2020, cuireadh tús leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis na trí Rialachán um athchóiriú CBT ag cruinniú ollmhór tríthaobhach. Ó shin i leith, tionóladh trí chruinniú tríthaobhacha a bhí tiomnaithe do Rialachán CEM an 2 Nollaig 2020, an 27 Eanáir 2021 agus an 3 Márta 2021.

5. An 2 Nollaig 2020, chomhaontaigh an chéad chruinniú tríthaobhach go ndéileálfaí leis an gcomhad i gceithre bhloc:

- Cumhdaíonn **Bloc 1** bainistiú margaidh agus forálacha gaolmhara maidir le hidirghabháil, bearta eisceachtúla agus bearta bainistithe géarchéime, trédhearcacht margaidh agus allmhairí.
- Cumhdaíonn **Bloc 2** fíon agus tásca geografacha, lena n-áirítear gach foráil d'fhíon, fíonta cumhraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.
- Cumhdaíonn **Bloc 3** eagraíochtaí táirgeoirí agus idirchraoibhe agus forálacha a bhaineann leis an iomaíocht.
- Cumhdaíonn **Bloc 4** caighdeáin mhargaíochta, scéimeanna scoile, POSEI agus na hoileáin bheaga Aeigéacha, agus forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha i mbloc nach bhfuil chomh haonchineálach céanna.

6. Sa chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Rialachán Leasaitheach go dtí seo, cumhdaíodh leasuithe ar fhíon agus tásca geografacha faoi bhloc 2 agus ar eagraíochtaí táirgeoirí agus idirchraoibhe faoi bhloc 3. Bhí sé níos dúshlánaí plé cuiditheach a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa faoi bhloc 1.

## II STAID NA hIMEARTHA

### Ábhair a comhaontaíodh go sealadach

7. Leis an obair theicniúil agus an plé trípháirteach le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún, bhí na hidirbheartaithe in ann teacht ar chomhaontuithe sealadacha go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

**Bloc 2 – Fíon**

- Síneadh ar bhailíocht na n-údaruithe plandála fíniúnacha – féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh na húdaruithe dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 66 bailí ar feadh sé bliana ón dáta ar deonaíodh iad **(Airt. 62(3) – AM 261)** nuair a tharlóidh an t-athphlandú ar an dáileacht chéanna nó ar na dáileachtaí céanna ar a ndearnadh an grafadh
- Díolúine ó údarú do limistéir plandála nó athphlandála atá beartaithe chun críocha turgnamhacha, chun bailiúcháin a chur ar bun de chineálacha fíniúna atá ceaptha chun acmhainní géiniteacha a chaomhnú agus do phlandlanna beangaithe **(Airt. 62(4)/63(4a) – AM 64/66)**
- Tásca geografacha le haghaidh fíona:
  - gaol feabhsaithe leis an áit tionscnaimh – na rialacha a choigeartú níos fearr don réaltacht **(Airt. 94(2) – 236/CON)**
  - gaol leis an bhforbairt inbhuanaithe **(Airt. 94(2)ga nua – AM 236)**
  - cosaint do thrádmharcanna a neartú **(Airt. 102 – CON)**;
  - cosaint a neartú lena úsáid mar chomhábhar **(Airt 103-263rev/CON)**;
  - cosaint sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint (STFC) agus tásc geografach faoi chosaint (TGFC) a neartú fiú má úsáidtear mar chomhábhar iad, maidir le hearraí faoi bhealach nó nuair a dhíoltar iad trí ríomhthráchtáil **(Airt. 103 -AM 88/263rev)**
  - ina dhá gcatagóir a aicmítear leasuithe ar shonraíocht táirge agus is de réir a dtábhachta an t-aicmiú sin: leasuithe ar leibhéal an Aontais a dteastaíonn nós imeachta freasúra lena n-aghaidh ar leibhéal an Aontais, agus leasuithe caighdeánacha a ndéileálfar leo ar leibhéal an Bhallstáit nó an tríú tír (**Airt. 53;AM 198/199/CON**)

**Bloc 1 – Bainistiú an mhargaidh**

- Teorainn a chur le cumhachtaí an Choimisiúin sainmhínithe a shocrú maidir leis na hearnálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán 1308/2013 **(Airt. 3; AM 49/CONS)**
- Na blianta margaíochta a choinneáil agus dátaí ola olóige agus ológa boird a choigeartú chun oiriúnú níos fearr don réaltacht **(Airt. 6; AM 50/51)**

**<u>Ábhair a pléadh cheana sna cruinnithe tríthaobhacha ach ar gá tuilleadh oibre a dhéanamh ina leith</u>**

8. Leis an obair theicniúil agus an plé trípháirteach, bhí na hidirbheartaithe in ann dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na hábhair seo a leanas:

**Bloc 2 – Fíon**

- Síneadh a chur le scéim na n-údaruithe um chearta plandaithe go dtí 2045, gan céatadán uasta an mhéadaithe bhliantúil a athrú – comhaontú ar thángthas air ar an dáta deiridh ach leanfar leis an obair ar fhoclaíocht aithrise chun údar a thabhairt don síneadh sin **(Airt. 61; AM 63)**
- Cineálacha údaraithe – an *status quo* a choinneáil, rud atá éagsúil ón togra tosaigh ón gCoimisiún chun deireadh a chur le toirmeasc ar hibridí gan *Vinis vinifera* agus ar 6 chineál fíonchaoire – a comhaontaíodh i bprionsabal ach leanfar leis an obair ar fhoclaíocht aithrise lena dtugtar údar **(Airt. 81(2); AM 75/76/CON)**
- Dí-alcólú fíona – comhaontú maidir le comhchuibhiú critéar in CEM, mar chleachtas is infheidhme maidir le catagóirí fíona lena n-áirítear STFC (páirteach) agus TGFC (iomlán nó páirteach) – a comhaontaíodh i bprionsabal ach leanfar leis an obair ar fhoclaíocht aithrise chun údar a thabhairt don idirdhealú idir STFC agus TGFC **(Airt. 92(1), 93.1a va nua, Iarscríbhinn VII II – AM 78,82.166-170)**
- Lipéadú cothaitheach fíona – aontaíonn an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir leis an ngá atá leis na rialacha in CEM a chomhchuibhiú, agus glacann siad leis an togra ón gCoimisiún maidir le lipéad iomlán an dearbhaithe chothaithigh a áireamh-is gá fós obair a dhéanamh chun cóir chomhionann d'fhíonta páirt-dí-alcólaithe a áirithiú is cuma cén cion alcóil atá acu **(Airt 119, 120, 122; AM 101/105/CON)**

**Bloc 3 – Rialacha iomaíochta**

- Bainistiú soláthair do STFC/TGFC – na rialacha reatha maidir le fíon, cáis agus liamhás a leathnú chuig gach táirge talmhaíochta a bhfuil ainmníocht STFC/TGFC acu **(Airteagal 166a nua; AM 124)**

<u>**Ábhair a bhfuil seasaimh éagsúla ag baint leo**</u>

9. Léiríodh sa phlé trípháirteach go dtí seo go bhfuil difríochtaí suntasacha idir seasamh na Comhairle agus seasamh Pharlaimint na hEorpa maidir le leasuithe áirithe a thug Parlaimint na hEorpa isteach faoi bhloc 1 maidir le bainistiú an mhargaidh agus bearta eisceachtúla.

Raon feidhme agus blianta margaíochta:

- Moladh ó Pharlaimint na hEorpa go ndéanfaí an raon feidhme a leathnú chuig earnáil an tsiúcra; ábhair imní maidir le díriú ar an margadh **(Airt. 1; AM 46)**
- Béim a leagan ar chuspóirí áirithe CBT a leagtar amach in CFAE **(Airteagal 1a nua; AM 47)**

Idirghabháil phoiblí agus cabhair stórála príobháidí

- Idirghabháil phoiblí a oscailt agus a dhúnadh – mhol an Pharlaimint idirghabháil phoiblí a chur ar fáil an bhliain ar fad; ábhair imní maidir le díriú ar an margadh agus impleachtaí buiséadacha **(Airt. 13, AM 54)**
- Ceannach isteach ar phraghas seasta nó trí thairiscint – mhol an Pharlaimint nach ndéanfaí ceannach ach amháin trí thairiscint **(Airt. 14; AM 55)**
- Praghas idirghabhála poiblí a shainiú – mhol an Pharlaimint go scriosfaí an fhoráil maidir le ceannach ar phraghas seasta agus go mbainfí nó go gcuirfí srian le ról na Comhairle maidir le praghsanna tagartha a shocrú **(Airt. 15; AM 56, 57, 266)**
- Prionsabail ghinearálta is infheidhme maidir le diúscairt stoc idirghabhála poiblí agus maidir le céannacht tairbhithe a nochtadh **(Airt. 16; AM 232)**
- Táirgí nua le haghaidh cabhair stórála príobháidí (ológa boird); ábhair imní maidir le díriú ar an margadh agus impleachtaí buiséadacha **(Airt. 17.1(b); AM 59)**
- Táirgí nua le haghaidh cabhair stórála príobháidí (rís); ábhair imní maidir le díriú ar an margadh agus impleachtaí buiséadacha **(Airt. 17.1(ia) nua; AM 60)**

Forálacha maidir le siúcra

- Biatas agus cána siúcra curtha le teideal na gcomhaontuithe in earnáil an tsiúcra; ábhair imní maidir le díriú ar an margadh **(Airt. 125; AM 106)**
- Tuairisciú praghsanna i margaí an tsiúcra. D'fhéadfadh sé sin tús a chur le tuilleadh plé maidir le raon feidhme earnáil an tsiúcra **(Airt. 126; AM 107)**
- Táirgí nua (biatas/cána siúcra/eatánól) a d'fhéadfadh tuilleadh plé a spreagadh maidir le raon feidhme earnáil an tsiúcra; ábhair imní maidir le díriú ar an margadh **(Airt. 126.1; AM 108)**

Trádáil le tríú tíortha

- Dleachtanna allmhairiúcháin breise; sainmhíniú ar neamhchosaint ar an margadh **(Airt. 182.1.3ú fo-alt nua; AM 136)**
- Cuótaí taraife; Bainistiú taraif-chuótaí (sóisialta/na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair + comhshaoil) **(Airt. 184.2; AM 137)**
- Ábhair a bhaineann leis an trádáil (ceadúnais allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin, coimircí speisialta, allmhairí ó thríú tíortha). Chuir an Chomhairle agus an Coimisiún in iúl go raibh imní orthu faoi chomhlíonadh rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Is gá tuilleadh oibre a dhéanamh agus ról a thabhairt do sheirbhísí dlí na dtrí institiúid **(Airt 182.1/188a; AM 133-135/138)**

Bearta margaidh eisceachtúla

- Bearta chun táirgeadh a chobhsú i dtréimhsí mórshuaitheadh sa mhargadh; tobhach a fhorchur ar mhéaduithe táirgthe; ábhair imní maidir le díriú ar an margadh **(Airt. 219b nua; AM 150)**
- Molann an Pharlaimint an maolú ó rialacha iomaíochta a leathnú; ábhair imní maidir le díriú ar an margadh **(Cuid V Caib 1 Roinn 4; AM 151)**
- Suaitheadh sa mhargadh a chosc (eagraíochtaí tairgeoirí, IBOanna - síneadh); ábhair imní maidir le díriú ar an margadh **(Airt. 122; AM 152)**
- Pleananna faireacháin agus bainistíochta maidir le suaitheadh sa mhargadh **(Airt. 122a nua; AM 248)**

Faireachlann an Aontais Eorpaigh

- Faireachlann an Aontais Eorpaigh agus an Sásra Réamhrabhaidh. Measann an Chomhairle agus an Coimisiún nach maith an smaoineamh é faireachlann neamhspleách aonair a chruthú ach go bhféadfaidís machnamh a dhéanamh ar na faireachlanna atá ann cheana a chur ar bhonn foirmiúil agus ar fhaireachlanna nua a chruthú. Ar an gcaoi chéanna, tá imní orthu maidir le sásra truicir uathoibríoch a thabhairt isteach toisc go mbeadh sé ina uirlis idirghabhála ex ante a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le saobhadh ar an margadh. Measann siad freisin gur fearr an sásra grinnscrúdaithe atá ann cheana a choinneáil, ar sásra é a bhaineann leis na faireachlanna, leis an gCoimisiún, leis an gComhairle agus leis an bParlaimint.
  **(Airt. 218a nua/218b nua; AM 146/147)**

## III AN RÓD ROMHAINN

10. Cé go raibh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa in ann a dtuairimí maidir le roinnt ábhar a ailíniú sna cruinnithe tríthaobhacha a tionóladh go dtí seo, beidh gá le tuilleadh dianoibre chun teacht ar chomhaontú cuimsitheach maidir leis an Rialachán Leasaitheach ina iomláine.

11. **Iarrann an Uachtaránacht ar an gComhairle an méid a baineadh amach go dtí seo a dhaingniú, go háirithe maidir le fíon, agus a rá an dtugann an méid sin údar d'aon mhaolú ar sheasamh na Comhairle maidir leis na leasuithe achrannacha faoi bhloc 1.**